# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An tSraith Shóisearach, 2022

# Aistriúchán
# Ar Scéim Mharcála

# Teicneolaíocht Adhmaid

# Comhleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
*State Examinations Commission*

***Scrúdú Deiridh na Sraithe Sóisearaí, 2022***

# *Teicneolaíocht Adhmaid*

## *Comhleibhéal*





## *Scéim Marcála*





*Léirítear na réitigh shamplacha thíos mar fhreagraí samplacha.*
*Tá gach réiteach bailí eile inghlactha agus marcáiltear iad dá réir.*


Freagair gach ceist.

## Ceist 1.




| C. | FREAGRA | ÍOMHÁ(NNA) | MARC |
|---|---|---|---|
| **(a)** | **(i) Ainmnigh an fabht adhmaid a thaispeántar.**<br><br>Cranra adhmaid, cranra beo, cranra marbh, cranra. |  | **2 mharc** |
| | **(ii) Déan cur síos ar conas is féidir leis an bhfabht seo dul i bhfeidhm ar an adhmad.**<br><br>• Neart an adhmaid a laghdú<br>• Dochar a dhéanamh don chuma atá ar an adhmaid<br>• Téann sé i bhfeidhm ar an gcuma/inoibritheacht… | | **2 mharc** |
| **(b)** | **Tabhair dhá chúis gur phróiseas tábhachtach í an mharcáil amach sa Teicneolaíocht Adhmaid.**<br><br>• Chun treoir a thabhairt do phróiseáil<br>• Chun cruinneas a chinntiú san obair<br>• Lena chinntiú go dtéann gach ábhar le chéile<br>• Laghdaítear cur amú ábhair<br>• Cur amú ábhair a aithint… |  | (2 + 2)<br>**4 mharc** |
| **(c)** | **(i) Ainmnigh an sábh a thaispeántar.**<br><br>Sábh tionúir, droimshábh. |  | **1 mharc** |
| | **(ii) Luaigh feidhm pháirt A ar an sábh.**<br><br>Neartaíonn sé an lann, cuireann sé leis an dolúbthacht, coinníonn sé an lann díreach, cuireann sé meáchan leis, stalcann sé… | | **1 mharc** |
| | **(iii) Ainmnigh agus sceitseáil sábh iomchuí amháin eile...**<br><br>Déadsábh, sábh cóipeála, scrollsábh, crios-sábh, preabshábh, sábh láimhe, sábh Seapánach… |  | (1 + 4)<br>**5 mharc** |
| **(d)** | **(i) Buntáiste agus míbhuntáiste a bhaineann leis an alt seo.**<br><br>Buntáiste:<br>• Tapa le cóimeáil/díchóimeáil<br>• Éasca é a dhéanamh...<br><br>Míbhuntáiste:<br>• Níl cuma maith air<br>• Scoilteann ailt mar sin go minic... |  | (2 + 2)<br>**4 mharc** |

| C. | FREAGRA | ÍOMHÁ(NNA) | MARC |
|---|---|---|---|
| (d) | **(ii) Sainaithin an scriúcheann agus tabhair buntáiste**<br>Pozidriv<br>Buntáiste:<br>• Greim níos fearr agus an scriú á ionsú/á bhaint<br>• Oireann an scriúire níos éasca... |  | (1 + 1)<br>**2 mharc** |
| | **(iii) Ainmnigh agus sceitseáil alt féideartha amháin eile...**<br>Méaralt, déadalt, alt briosca, duail, alt domanó, bunalt, alt rádail... |  | (1 + 4)<br>**5 mharc** |
| | | **Iomlán Cheist 1** | **26 marc** |



## Ceist 2


| C. | FREAGRA | ÍOMHÁ(NNA) | MARC |
|---|---|---|---|
| (a) | **(i) Ainmnigh dhá chlár mhonaraithe fhéideartha.**<br>• Sraithadhmad<br>• Lannchlár<br>• Clár snáithíneach meándlúis... |  | (2 + 2)<br>**4 mharc** |
| | **(ii) Mol clár agus tabhair cúis..**<br>• Cúis oiriúnach le haghaidh rogha an chláir | | (1 + 2)<br>**3 mharc** |
| | **(iii) Cuir in iúl le tic (✓)....** | | (1 an ceann)<br>**4 mharc** |

| Cláir mhonaraithe | Fíor | Bréagach |
|---|---|---|
| Tá cláir mhonaraithe ar fáil i leatháin mhóra | ✓ | |
| Tá cláir mhonaraithe an-seasmhach | ✓ | |
| Fásann cláir mhonaraithe go nádúrtha | | ✓ |
| Tá cláir mhonaraithe saor ó lochtanna nádúrtha | ✓ | |


| C. | FREAGRA | ÍOMHÁ(NNA) | MARC |
|---|---|---|---|
| (b) | **(i) Críochnaigh an t-ingearchló.** |  | **4 mharc** |
| | **(ii) Críochnaigh an bonnchló.** | | **2 mharc** |
| (c) | **(i) Ainmnigh gach ceann de na huirlisí greanála...**<br>**A** – Bloc greanála<br>**B** – Greanóir boise, fithiseach, bailchríochnaithe, gan sreang<br>**C** – Meaisín greanála, greanóir binse/diosca/creasa... | A<br><br>B<br><br> | (1 an ceann)<br>**3 mharc** |
| | **(ii) Liostaigh dhá réamhchúram sábháilteachta ar leith is cóir a chomhlíonadh má úsáidtear uirlis ghreanála C**<br>• Caith súilchosaint i gcónaí<br>• Caith masc deannaigh i gcónaí<br>• Coinnigh méaraí agus láimhe ón diosca greanála<br>• Ba chóir muinchillí scaoilte nó fada a rolladh suas<br>• Coinnigh an t-ábhar docht ar an mbord agus tú ag greanáil | C<br> | (2 + 2)<br>**4 mharc** |
| (d) | **Bain úsáid as nótaí agus sceitsí saorláimhe, agus déan cur síos ar dhá chéim a bhaineann le hullmhú an adhmaid.**<br>• Úsáid scríobaire chun marcanna peann luaidhe nó scríobthaí a bhaint<br>• Líon aon pholl nó locht atá ann<br>• Greanáil gach dromchla trí pháipéar scríobach a úsáid – ag dúl ó gharbh go mín<br>• Dustáil na dromchlaí ar fad<br>• Cuimil na dromchlaí le héadach tais<br>• Gearr siar an snáithe ardaithe trí pháipéar scríobach mín a úsáid<br>• Cuimil é le biotáille bhán... |  | (4 + 4)<br>**8 marc** |
| | | **Iomlán Cheist 2** | **32 marc** |


## Ceist 3

| C. | FREAGRA | ÍOMHÁ(NNA) | MARC |
|---|---|---|---|
| **(a)** | **(i) Dhá chúis a chuireann an Comhairle Crann plandáil crann chun cinn.**<br>• Soláthar don fholláine – spáis ghlasa, níos lú struis, conairí siúil, srl.<br>• Ocsaigin a chruthú, $CO^2$ a shú<br>• Gnáthóg a sholáthar d'ainmhithe, plandaí agus feithidí – truailliú a laghdú<br>• Tuile a laghdú... | Comhairle Crann na hÉireann | (2 + 2)<br>**4 mharc** |
| | **(ii) Sainaithin gach ceann de na céimeanna i saolré crann darach.**<br>**A** – Síol<br>**B** – Péacadh<br>**C** – Síológ<br>**D** – Crann |  | (1 an ceann)<br>**4 mharc** |
| **(b)** | **(i) Ainmnigh coda an chrainn.**<br>**A** – Coróin<br>**B** – Tamhan<br>**C** – Fréamhacha |  | (1 an ceann)<br>**3 mharc** |
| | **(ii) Tabhair feidhm amháin in aghaidh na coda....**<br>Coróin:<br>• Cruthaíonn sé an bheatha d'fhás an chrainn<br>• Tá na duilleoga uirthi chun solas na gréine a ghabhadh...<br>Tamhan:<br>• Géaga agus duilleoga a iompair<br>• Uisce agus mianraí a aistriú ó áit go háit...<br>Fréamhacha:<br>• Greamaíonn siad an crann leis an talamh<br>• Súnn siad uisce agus mianraí ón talamh. | | (2 an ceann)<br>**6 mharc** |

<table>
<tr><th>C.</th><th>FREAGRA</th><th>ÍOMHÁ(NNA)</th><th>MARC</th></tr>
<tr><td>(c)</td><td colspan="2">(i) Úsáid tic (✓) le cur in iúl cé acu de na grúpaí seo is fearr a mbaineann na focail leo.
<table>
<tr><th>Crainn</th><th>Duillsilteach</th><th>Buaircíneach</th></tr>
<tr><td>Duilleoga i bhfoirm snáthaide</td><td></td><td>✓</td></tr>
<tr><td>Táirgeann crua-adhmad</td><td>✓</td><td></td></tr>
<tr><td>Fásann na crainn go tapaigh</td><td></td><td>✓</td></tr>
<tr><td>Cailltear duilleoga san Fhómhar</td><td>✓</td><td></td></tr>
</table></td><td>(1 an ceann)<br>4 mharc</td></tr>
<tr><td></td><td>(ii) Ainmnigh gach crann.<br><br>A – Dair<br>B – Seiceamar/Mailp<br>C – Fuinseog/Caorthann</td><td>
</td><td>(1 an ceann)<br>3 mharc</td></tr>
<tr><td></td><td colspan="2">(iii) Ainmnigh dhá cheann ar bith de na hamhábhair atá riachtanach don fhótaisintéis...<br><br>• Solas na gréine<br>• Dé-ocsaíd charbóin<br>• Sú (uisce agus mianraí)<br>• Clóraifill</td><td>(1 + 1)<br>2 mharc</td></tr>
<tr><td>(d)</td><td>Dear póstaer chun próiseas na fótaisintéise i gcrainn a mhíniú.<br><br>• Sceitse den phróiseas<br><br>• Nótaí ar thrí chéim sa phróiseas:<br>o Tarraingíonn na fréamhacha uisce agus mianraí isteach<br>o Aistrítear uisce agus mianraí suas chuig na duilleoga<br>o Tógann na duilleoga dé-ocsaíd charbóin isteach ón aer<br>o Gabhann na duilleoga ar fhuinneamh ó sholas na gréine<br>o Tarlaíonn próiseas na fótaisintéise sna duilleoga<br>o Scaoileann na duilleoga ocsaigin amach san aer<br>o Úsáidtear an glúcós a tháirgeann an crann le haghaidh an fháis.<br><br>Aon chéim oiriúnach eile</td><td></td><td>8 marc</td></tr>
<tr><td colspan="3" align="right">Iomlán Cheist 3</td><td>34 marc</td></tr>
</table>

## Ceist 4

| C. | FREAGRA | ÍOMHÁ(NNA) | MARC |
|---|---|---|---|
| (a) | **(i) Ainmnigh an teicníc cheardaíochta veinírithe seo.**<br><br>Maircíneacht |  | **2 mharc** |
| | **(ii) Sainaithin an modh gearrtha arna thaispeáint.**<br><br>Gearradh rothail ☑<br>Slisniú leibhéalta ☐ |  | **1 mharc** |
| | **(iii) Tabhair dhá chúis le veinírí a úsáid in ionad adhmad soladach.**<br><br>• Úsáid d'adhmad soladach a laghdú<br>• Níos saoire ná adhmad soladach<br>• Úsáid inbhuanaitheach d'adhmad/Maith don timpeallacht<br>• Úsáid d'adhmad soladach a laghdú ... | | (2 + 2)<br>**4 mharc** |
| (b) | **Déan cur síos ar dhá chéim atá riachtanach chun imlíne an chupáin a aistriú chuig an veinír**<br><br>• Greamaigh an líníocht le himeall amháin den adhmad le téip<br>• Cuir leathán páipéir charbóin faoin líníocht<br>• Rianaigh an dearadh<br>• Déan seic go bhfuil gach líne le feiceáil ar an adhmad sula mbaintear na leatháin<br><br>**NÓ**<br><br>• Gearr timpeall na líníochta<br>• Greamaigh an teimpléad seo leis an adhmad le téip<br>• Rianaigh timpeall an teimpléid le peann luaidhe<br>• Sceitseáil na codanna atá in easnamh chomh cruinn agus is féidir. | <br> | (4 + 4)<br>**8 marc** |

| C. | FREAGRA | ÍOMHÁ(NNA) | MARC |
|---|---|---|---|
| (c) | **(i) Meaitseáil gach céim...** |   | (1 an ceann)<br>**3 mharc** |
| | **(ii) Ainmnigh an uirlis.**<br><br>Clampa G |  | **2 mharc** |
| (d) | **Dear coinneálaí barr tábla chun sé chóstaer a stóráil.**<br><br>Cur i láthair an réitigh dearaidh:<br>1. **Bun**aonad/**bun**bhosca gan aon aird a thabhairt do chruachadh agus inrochtaineacht na sé chóstaer - sceitse amháin (2 mharc)<br><br>2. Iarracht **réasúnta maith** chun na cóstaeirí a stóráil ionas gur féidir iad a chruachadh agus go bhfuil siad inrochtana i seastán/aonad tarraingteach oiriúnach - nótaí mínithe curtha isteach (4 mharc)<br><br>3. Dearadh atá sceitseáilte **go maith,** ag léiriú roinnt nuálaíocht agus cruthaitheachta maidir le stóráil na gcóstaer ionas go gcruachtar go héasca iad agus go bhfuil siad inrochtana – nótaí mínithe curtha isteach (6 mharc)<br><br>4. Sceitse dearaidh den seastán/aonad a bhfuil caighdeán **den scoth** air, ag léiriú nuálaíochta agus cruthaitheachta bunúla i stóráil na gcóstaer ionas go gcruachtar go héasca iad agus go bhfuil siad inrochtana.<br>Caithfidh an sceitse a bheith rindreáilte nó scáthlínithe agus nótaí tráchta a bheith san áireamh (8 marc) | | **8 marc** |
| | | **Iomlán Cheist 4** | **28 marc** |

## Scéim Marcála na hOibre Cúrsa 2022

| Fóilió Mo Thuras Dearaidh | | |
|---|---|---|
| **Ceannteideal** | **Cur síos** | **Marcanna** |
| **Achoimre a Iniúchadh** | **Ní bheidh á scrúdú in 2022** | |
| **Fiosrú** | **Ní bheidh á scrúdú in 2022** | |
| **Smaointe a ghiniúint** | **Ní bheidh á scrúdú in 2022** | |
| **Mo rogha dearaidh** & **an chosaint** | An réiteach dearaidh is rogha leat a chur i láthair<br>Smaoinigh ar agus cosain na cinntí dearaidh a rinne tú chun teacht ar an dearadh is rogha leat | 20 |
| **Líníochta(í) oibre** / **Sceitsí** | **Ní bheidh á scrúdú in 2022** | |
| **Meastóireacht** & **Athmhachnamh ar an bhfoghlaim** | Pléigh na rudaí ar éirigh leo, na dúshláin agus na nithe a d'fhoghlaim tú agus an obair chúrsa á comhlánú agat | 15 |
| **An déantúsán** | | |
| **Comhlíonann an déantúsán an achoimre** | Comhlíonadh riachtanais na hachoimre sa déantúsán a cuireadh i láthair | 30 |
| **Úsáid éifeachtach ábhar, phróiseas agus theicnící** | Úsáid inbhuanaithe agus úsáid chuí na n-ábhar, na bpróiseas agus na dteicnící agus an déantúsán á chur i gcrích | 20 |
| **Cruthaitheacht** | Cumadóireacht agus samhlaíocht léirithe sa déantúsán a cuireadh i láthair | 30 |
| **Ceardaíocht, scileanna agus teicnící** | Foirfeacht ceardaíochta léirithe i dtógáil an déantúsáin | 60 |
| **Cóimeáil an déantúsáin** | Cé chomh maith is a rinneadh an déantúsán a chóimeáil | 10 |
| **Bailchríoch a chur ar an déantúsán** | Tá bailchríoch atá ar ard-chaighdeán curtha ar ábhair an déantúsáin | 20 |
| **Cur i láthair** | Cur i láthair foriomlán an déantúsáin chríochnaithe | 20 |
| | **Móriomlán an Obair Chúrsa i 2022** | **225** |

Leathanach Bán